COIMISIÚN NA gCOMHPHOBAL EORPACH

An Bhruiséil 23.2.2007
COIM(2007) 69 leagan deireanach

2007/0032 (COD)

Togra do

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le daonáirimh agus áireamh tithíochta

(arna thíolacadh ag an gCoimisiún)

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## COMHTHÉACS AN TOGRA

- Forais agus cuspóirí an togra

Is gá d'institiúidí idirnáisiúnta, Eorpacha agus náisiúnta faisnéis iontaofa go leor a bheith acu ar an daonra agus ar thithíocht san Aontas Eorpach. I mbeagnach gach réimse beartais ina n-oibríonn an AE, mar shampla, réimse eacnamaíochta, sóisialta nó comhshaoil, is gá dó sonraí d'ardchaighdeán a bheith aige ar an daonra chun cabhrú le cuspóirí oibriúcháin a cheapadh agus chun dul chun cinn a mheas. Is féidir comparáidí bailíocha a dhéanamh idir Ballstáit an AE le sonraí daonáirimh. Féadfar na sonraí a úsáid go díreach (m.sh.: Cé mhéid daoine atá thíos amach ag fadhb/beart áirithe?) nó mar ainmneoir 'in aghaidh an chinn' chun comparáideacht a chur i gcrích.

Ina theannta sin, úsáidtear na sonraí daonáirimh atá inchomparáide ag leibhéal Eorpach mar phríomhshonraí do na meastacháin daonáirimh bhliantúla, do shampla-suirbhéanna, agus d'anailís réigiúnach.

Mar chríoch, leanann an togra le haghaidh Rialacháin seo ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle amach an bonn chun a bheith in ann sonraí tithíochta a bhailiú ar féidir iad a chur i gcomparáid lena chéile ag leibhéal Eorpach.

(1) Tá na sonraí a sholáthrófar gach deich mbliana bunaithe ar an togra seo, leagtha amach chun réimse iomchuí athróga a chuimsiú. Is é an príomhchuspóir pictiúr mhionchruinn (go leor) a thabhairt ar struchtúr agus ar ghnéithe an daonra chun anailís mhionchruinn atá de dhíth, chun pleanáil, riarachán agus faireachán a dhéanamh ar a lán de na réimsí beartais, a cheadú. Tá comhpháirt Eorpach ag a lán dá leithéidí de bheartais, agus is gá comparáidí iontaofa i gcomhthéacs Eorpach a sholáthar d'institiúidí an Aontais Eorpaigh agus do na Ballstáit freisin.

(2) Úsáidtear na sonraí a sholáthraítear de réir an togra seo chun cabhrú le meastacháin daonáirimh bhliantúla d'ardchaighdeán a chothabháil. De ghnáth, bunaítear meastacháin daonáirimh bhliantúla ar chláir nó ar chomhairimh dhéimeagrafacha a nuashonraítear ar bhonn achtanna riaracháin. Glactar leis go forleathan gur gá na sonraí seo a fhíorú/athrú ó am go ham bunaithe ar an daonáireamh chun earráidí staidrimh agus teicniúla a réiteach. Ba chóir timpeall deich mbliana nó níos lú a ligint idir gach fíorú/athrú a dhéantar ar mheastacháin daonáirimh bhliantúla atá bunaithe ar an daonáireamh. De réir an togra seo, beidh toradh dearfach ag an bpróiseas bailiúcháin sonraí ar an meastachán bliantúil a dhéantar ar an daonra.

Tá riachtanais cháilíochta le haghaidh sonraí daonra an-ard, mar atá le feiceáil sna samplaí seo thíos:

- Is gá meastacháin daonáirimh bhliantúla den chaighdeán is airde a úsáid mar chuid den phróiseas daonlathach laistigh den Aontas Eorpach. Tugtar sainiú ar an bpróiseas do vótáil tromlaigh cháilithe laistigh den Chomhairle in Airteagal 11 (5) de Rialacha Nós Imeachta Chomhairle an Aontais Eorpaigh. Is é critéir amháin go gcaithfear tromlach cáilithe 62 % ar a laghad a fháil ó dhaonra an Aontais chun feidhmiú ar son na mBallstát.

- Tugann an tAontas Eorpach tacaíocht forbartha dá réigiúin is lagrathúla. Is é cuspóir "Comhchlaonta" na gCistí Struchtúracha príomhchuspóir bheartas comhtháite an AE. Is iad

na limistéir a bhfuil Olltáirgeacht Intíre an duine acu atá níos lú ná 75% de mheán an Chomhphobail (AE-25), a aithnítear maidir lena n-easpa forbartha. Chun na limistéir atá cáilithe a shoiléiriú, is gá sonraí d'ardchaighdeán a fháil ar an daonra réigiúnach. Tá sonraí ardchailíochta daonáirimh réigiúnacha ag brath ar mionddealú réigiúnach den fhoinse a bhfuil na meastúcháin seo bunaithe a bheith mionchruinn go leor. Is í Rialachán (CE) Uimh 1083/2006 ón gComhairle an 11 Iúil 2006 an creatlach reachtach reatha a leagann amach na nósanna imeachta ginearálta do na Cistí Struchtúracha.

- Féadfaidh sonraí daonra cur isteach go hindíreach ar na Cuntais Náisiúnta.

(3) Tá inniúlacht ag an Aontas Eorpach i réimse an chomhtháthaithe réigiúnaigh, rud atá ar na míreanna buiséadacha is mó. De réir an Rialacháin seo, soláthraíonn bailiú sonraí, ag leibhéal réigiúnach, an méid sonraí daonáirimh is gá chun an dul chun cinn atá á dhéanamh sa chomhtháthú réigiúnach a mheas.

(4) Is gá sonraí staidrimh a sholáthar ar struchtúr an daonra ag leibhéal réigiúnach mar chuid dá lán sampla-suirbhéanna tábhachtacha a ndéantar comhchuibhiú orthu laistigh den AE chun a samplaí a tharraingt agus a torthaí a bhaint amach (m.sh. na Suirbhéanna Luchta Oibre). Is gá an fráma staidrimh a chur i gcomhréir ag leibhéal Eorpach chun comparáideacht na dtorthaí staidrimh a ráthú. De réir an togra seo, soláthraíonn bailiú sonraí an creatlach staidrimh seo.

(5) Déanann an togra seo an bealach a réiteach do shonraí ardchaighdeánacha, comparáideacha a bhailiú ar chúrsaí tithíochta. Tá impleachtaí nach beag ag staid tithíochta an daonra.

- Is príomhábhar cúraim do bheartas sóisialta an rochtain ar thithíocht mhaith. Ag an gComhairle Eorpach Laeken i 2001, chuir rialtais na mBallstát béim ar an riachtanas a bhí ann comhtháscairí a fhorbairt ar chuimsitheacht shóisialta, ag tagairt do thithíocht go dearfa, chomh maith leis an riachtanas a bhí ann an córas staidrimh a neartú sa dóigh sin. Níl go leor táscairí tithíochta ann fós, áfach, ag leibhéal Eorpach agus náisiúnta. Tá sé curtha in iúl arís agus arís eile ag Airí na mBallstát atá freagrach as tithíocht go bhfuil riachtanas ann do shonraí comparáideacha ar thithíocht.

- Is tomhaltóirí tábhachtacha fuinnimh, uisce agus soláthairtí agus seirbhísí eile a bhfuil tionchar ar an gcomhshaol acu iad foirgnimh ina bhfuil teaghlaigh phríobháideacha.

- Tá tábhacht eacnamaíochta ar leith ag an tithíocht (soláthar agus éileamh ar thithíocht, airgeadas, tógáil, athcóiriú).

- **Comhthéacs ginearálta**

Mura n-éireofar le cuspóirí an togra rialacháin seo a chomhlíonadh, beidh iarmhairtí diúltacha tábhachtacha ann maidir le cuid mhór earnálacha sa Chóras Staidrimh Eorpaigh, chomh maith le comhlíonadh oibleagáidí dlíthiúla (m.sh. vótáil tromlaigh, Cistí Struchtúracha) agus cáilíocht na hanailíse agus measúnachta beartais bunaithe ar na staitisticí iomchuí.

Tógadh an Daonáireamh agus an tÁireamh Tithíochta is déanaí san Aontas Eorpach don bhliain tuairiscithe 2001. Níor bunaíodh é ar reachtaíocht Eorpach, ach ar "chomhaontú oinigh". Léiríodh go soiléir nach urrús é comhaontú oinigh don cháilíocht atá riachtanach maidir leis na cuspóirí a leagadh amach do na sonraí as seo amach.

- Laghdaigh éagsúlacht na ndátaí tagartha an chomparáideacht go mór: leathaigh na dátaí tagartha thar thréimhse ama 39 mí, ó Mhárta 1999 (An Fhrainc) go Bealtaine 2002 (An Pholainn); i gcás Málta, téann cuid de na sonraí ar ais chuig Samhain 1995.

- Níor cinntíodh poncúlacht: cé gur mhol an comhaontú oinigh na sonraí go léir a tharchur chuig Eurostat roimh 30 Meitheamh 2003, seoladh na sonraí deireanacha isteach i lár na bliana 2005, agus tháinig foilseachán amach i Meán Fómhair 2005, i.e. 44 mí tar éis deireadh na bliana tagartha.

- Bhí na sonraí curtha ar fáil ar dtús neamhiomlána, agus iad gan bheith bailíochtaithe go hiomlán nó gur sonraí neamhréireacha iad. Chuir a lán iarratais athsheiceála moill mhór ar an bpróiseas táirgthe. De bhrí go bhfuil úsáidí tábhachtacha le baint as na sonraí daonáirimh, is amhlaidh go bhfuil meiteashonraí agus caighdeáin dearbhaithe cáilíochta níos airde riachtanach.

- **Nósanna imeachta ar fáil faoi láthair a bhaineann leis an togra**

Níl aon nósanna imeachta ar fáil faoi láthair a bhaineann leis an togra.

- Comhsheasmhacht le beartais agus le cuspóirí eile an Aontais

De réir dlí na hEorpa, bíonn ar Eurostat sonraí daonra den chaighdeán is airde a sholáthar (m.sh. vótáil tromlaigh, Cistí Struchtúracha; féach ar phointe (2) thuas de "Forais agus cuspóirí an togra"). Ina theannta sin, éilíonn a lán réimsí beartais ina n-oibríonn an tAE sonraí daonra agus/nó tithíochta chun cabhrú le cuspóirí oibriúcháin a cheapadh agus le dul chun cinn a mheasúnú. Tá ar na sonraí a bheith comparáideach go hiomlán ag leibhéal Eorpach, agus iarrtar go minic sonraí a bheith mionchruinn ag leibhéal réigiúnach agus maidir le miondealú athraitheach agus de réir cáilíochta a chuirtear i bhfeidhm de réir reachtaíochta Eorpaí ar Dhaonáirimh agus ar Áirimh Thithíochta.

## 2) COMHAIRLIÚCHÁIN LE PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS MEASÚNÚ IARMHARTA

- **Comhairliúcháin le páirtithe leasmhara**

*Modhanna comhairliúcháin, príomhearnálacha a ndíríodh orthu agus próifíl ghinearálta na bhfreagróirí*

Tá Dréachtrialachán ar Dhaonáirimh agus ar Áirimh Tithíochta san Aontas Eorpach curtha i láthair chuig "Stiúrthóirí an Staidrimh Sóisialta" (ó na hinstitiúidí náisiúnta atá freagrach as gníomhaíochtaí daonáirimh) ar an 28 Meán Fómhair 2005, agus chuig an gCoiste Cláir Staidrimh an 30 Samhain 2005. Rinneadh dianchomhairlúchán laistigh den CCE NA agus den AE a bhaineann le hábhair a chuirfear san áireamh i ndaonáireamh agus in áireamh tithíochta sa réigiún seo. Bhí baint ag a lán saineolaithe ó thíortha Eorpacha leis an gcomhairliúcháin seo. Ina theannta sin, rinne Eurostat staidéar indéantachta ar na hábhair le clúdú agus ar a leibhéal sonraí réigiúnacha. Bhí baint ag fiosrúchán in Institiúidí Staidrimh Náisiúnta leis an staidéar seo.

*Achoimre ar na freagraí agus conas a cuireadh iad san áireamh*

Chuir an Coiste Cláir Staidrimh a thacaíocht ghinearálta in iúl don tionscadal reachtaíochta agus dá chur chuige. Ar iarratas ó roinnt de Bhallstáit an AE, cuireadh liosta uileghabhálach na n-ábhar go léir mar iarscríbhinn leis an Rialachán.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

*Fearainn eolaíochta/saineolais áirithe*

Modheolaíocht agus teicneolaíocht daonáirimh; ábhair agus tréithe daonáireamh.

*Úsáid Modheolaíochta*

Laistigh den Chóras Staidrimh Eorpach, is cleachtas maith é Moltaí Chomhdháil Staitiseoirí Eorpacha don Daonáireamh agus don Áireamh Tithíochta (Moltaí CES) a chuir san áireamh, a chuireann in iúl na príomhriachtanais náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus riachtanais an Chomhphobail do shonraí daonra agus tithíochta. Leagtar amach sna Moltaí CES an mhodheolaíocht agus an teicneolaíocht a úsáidtear chun daonáireamh a thógáil, agus na hábhair gur gá tuarascáil a thabhairt orthu.

De réir an togra seo, tá an liosta ábhar go gcaithfear áirimh a dhéanamh orthu ar comhréir le liosta na Moltaí CES. Aithníodh gur moltaí riachtanacha iad seo tar éis na blianta a chaitheamh ag déanamh grinn-oibre agus comhairliúchán úsáideora. Ba léir do na Ballstáit gur sonraí riachtanacha iad le haghaidh a gcuspóirí náisiúnta de réir na Moltaí CES.

Déantar tagairt sa togra do na Moltaí CES amháin chun cinntiú go mbunófar cinntí ar chomhairle agus ar athbhreithniú iomchuí. Tá na Moltaí CES ullmhaithe ag líon mór saineolaithe ó na comhlachtaí atá freagrach as an Daonáireamh a thógáil agus anailís a dhéanamh air. Is iad torthaí mionchomhdhálacha agus malartú tuairimí trí chuinnithe, trí ghrúpaí oibre, trí thascfhórsaí agus trí chomhairle scríofa na Moltaí CES

*Príomheagraíochtaí/saineolaithe lena ndeacthas i gcomhairle*

Rannáin Staidrimh na Náisiún Aontaithe (RS NA), Coimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (AE CCE), Oifigí Staidrimh Náisiúnta.

*Achoimre ar an gcomhairle a seoladh isteach agus a úsáideadh*

Féadfar rioscaí le torthaí tromchúiseacha le hiarmhairtí nach féidir teacht aniar uatha a chruthú do cheapadh agus do mheasúnú beartais, do riarachán agus do bhainistíocht airgeadais mura mbíonn sonraí daonáirimh d'ardchaighdeán ar fáil faoi dhaonra an AE.

Tá an chomhairle ón gcomhairliúchán le feiceáil sna Moltaí CES iad féin, agus i dtorthaí an staidéir indéantachta a rinneadh laistigh de na Ballstáit.

*Meáin a úsáidtear chun comhairle na saineolaithe a chur ar fáil don phobal*

Tá an leagan is déanaí de na Moltaí CES ar fáil ar http://www.unece.org/stats/documents/ece/ces/ge.41/2006/zip.1.e.pdf

- **Anailís ar iarmhairtí**

**Measadh na roghanna seo a leanas:**

(A) Gan na Daonáirimh agus na hÁirimh Tithíochta a chomhchuibhiú san AE: sa mheántéarma, chiallódh sé seo nach mbeadh sonraí daonra ná tithíochta uileghabhálacha, comparáideacha ar fáil san AE. Bheadh iarmhairtí diúltacha go dlíthiúl (m.sh. vótáil tromlaigh, Cistí Struchtúracha;) agus go polaitiúl (e.g. ceapadh beartais agus measúnú beartais) ag baint leis seo.

(B) "Comhaontú oinigh" ar Dhaonáirimh agus ar Áirimh Tithíochta san AE: ní bheadh ach sonraí daonra agus tithíochta de chaighdeán íseal ar fáil san AE mar thoradh ar seo. Ní fhéadfaí comparáideacht a ráthú. Bheadh móriarmhairtí diúltacha dlíthiúla agus polaitiúla ag baint leis seo freisin.

(C) Treoir ar dhaonáirimh agus ar áirimh tithíochta san AE. Tá seans mór ann go dtarlódh diallais agus claonadh nuair a dhéantar riachtanais teicniúla a aistriú go dlí náisiúnta, gur féidir cur isteach go mór ar chomparáideacht agus dá bhrí sin ag cruthú iarmhairtí móra diúltacha dlíthiúla agus polaitiúla.

(D) Reachtaíocht Eorpach ar Dhaonáirimh agus ar Áirimh Tithíochta san AE (Rialachán Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle + Rialachán an Choimisiúin a chur i bhfeidhm). Beidh an reachtaíocht **bunaithe ar aschur**, ní ar ionchur. Soiléireoidh sí freagrachtaí agus róil, chomh maith leis na gnáthriachtanais a bhaineann le cáilíocht agus le trédhearcacht na dtorthaí agus na modhanna. Dhéanfadh sé seo deimhin de go mbeadh sonraí daonra comparáideacha d'ardchaighdeán ar fáil san AE. Féadfaí oibleagáidí dlíthiúla agus polaitiúla a chomhlíonadh.

(E) Reachtaíocht Eorpach ar Dhaonáirimh agus ar Áirimh Tithíochta san AE (Rialachán Pharlaimint na hEorpa agus an Comhairle + Rialachán an Choimisiúin a chur i bhfeidhm). Beidh an reachtaíocht seo **bunaithe ar ionchur**. Sonróidh sí go mion na foinsí sonraí a chaithfidh na Ballstáit a úsáid (ceistiúcháin, cláir, srl.), agus an dóigh chun na sonraí riachtanacha a fháil ó na foinsí seo. Féadfaidh ualach ollmhór a bheith nasctha leis an gcur chuige seo. Bíonn ar na Ballstáit glacadh leis na cláir go léir á úsáideadh sa daonáireamh, cláir phearsana agus thithíochta ach go háirithe. Féadfaidh a lán pearsana cónaitheacha ceistiúcháin a chomhlíonadh, gur gá le hoifigí daonáirimh agus le hagallóirí obair allamuigh leathan a dhéanamh dóibh. Bheadh impleachtaí airgeadais ag baint le hidirghabháil an AE i gcomhthéacs buiséad náisiúnta.

**Is é an rogha is fearr ná D**. Ráthaíonn sé go mbeidh torthaí daonáirimh iontaofa, trédhearcacha agus chomparáideacha go leor. Is ar aschur seachas ionchur a bheidh an reachtaíocht dírithe, ag tabhairt rogha do na Ballstáit maidir leis na foinsí a úsáidfidh siad agus conas a díorthóidh siad na torthaí. Cé gur féidir leis na Ballstáit an daonáireamh a chur i gcrích mar is maith leo ina dtír, ráthófar cáilíocht, ach go háirithe comparáideacht a bheith ar chaighdeán leordhóthanach de bharr reachtaíochta a chuirfidh iachall ar na Ballstáit déanamh de réir eochairchaighdeán agus riachtanas sonrach cáilíochta. Ní foláir cur síos soiléir a thabhairt ar an modheolaíocht agus ar an teicneolaíocht chun proisis agus torthaí na ndaonáireamh a seoladh sna Ballstáit a dhéanamh trédhearcach.

Íoslaghdaíonn an rogha D an t-ualach breise a thagann as an idirghabháil ag leibhéal an AE. Tá teorainn ar an ualach sa mhéid is nach bhfuil ag teastáil ach tuairisciú ar ábhair atá comhaontaithe agus riachtanais cháilíochta choiteanna a shásamh, chomh maith le hualach áirithe ar na hinstitiúidí staidrimh (ag scríobh tuarascálacha cáilíochta agus ag soláthar meiteashonraí agus doiciméid mhíniúcháin eile).

## 3) EILIMINTÍ DLÍTHIÚLA AN TOGRA

- **Achoimre ar an ngníomh beartaithe**

Soiléiríonn an moladh na freagrachtaí agus na róil a bhaineann le sonraí uileghabhálacha a sholáthar ar an daonra agus ar thithíocht gach deichiú bliain, chomh maith leis na gnáthriachtanais a bhaineann le cáilíocht agus le trédhearcacht na dtorthaí agus na modhanna. Fágtar na Ballstáit saor chun na sonraí riachtanacha a cur le chéile sa tslí is fearr leo ina dtír féin. Clúdaítear rogha na foinse óna mbíonn na Ballstáit sásta sonraí a fhail. Ag an am céanna, ráthaíonn an moladh cáilíocht na sonraí, comparáideacht ag leibhéal Eorpach ach go háirithe. Is é sin le rá, níl an chur chuige bunaithe ar ionchur, ach ar aschur.

- **Bunús dlí**

Soláthraíonn Airteagal 285 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh bunús dlí le haghaidh staidrimh Comhphobail. Glacfaidh an Chomhairle bearta chun staidrimh a tháirgeadh nuair is gá leo chun gníomhaíochtaí an Chomhphobail a chur i bhfeidhm, de réir an nós imeachta comhchinnteoireachta. Leagtar amach san Airteagal na riachtanais go léir a bhaineann le staidreamh Comhphobail a tháirgeadh. Ina theannta sin, caithfear na caighdeáin seo a leanas a chomhlíonadh de réir Airteagail 285: neamhchlaontacht, iontaofacht, oibiachtúlacht, neamhspleáchas eolaíochta, éifeachtúlacht costais, agus rúndacht staidrimh.

- **Prionsabal na coimhdeachta**

Cuirtear prionsabal na coimhdeachta i bhfeidhm sa mhéid nach dtagann an togra faoi inniúlacht an Chomhphobail amháin.

Ní fhéadtar cuspóirí an togra a bhaint amach i gceart ag na Ballstáit de bharr na gcúiseanna seo a leanas:

Is í comparáideacht ar na príomhchúraimí cáilíochta a bhaineann le sonraí staidrimh de gach saghas. Cé go n-úsáidtear sonraí daonra agus tithíochta chun cabhrú le reachtaíocht Eorpach a chomhlíonadh, chun beartais Eorpacha a mheas agus/nó chun comparáid a dhéanamh idir beartais náisiúnta ag leibhéal Eorpach, is léir go gcaithfear sonraí bunúsacha, atá comparáideach ag leibhéal Eorpach, a úsáid. Ní féidir leis na Ballstáit é seo a bhaint amach mar is gá gan creatlach Eorpach shoiléir, i.e. reachtaíocht Eorpach a réitíonn comhghnéithe staidrimh agus riachtanais cáilíochta. Ina theannta sin, is í trédhearcacht mhodheolaíochta agus teicneolaíochta daonáirimh á úsáid sna tíortha difriúla coinníoll chun comparáideacht a bhaint amach. Le haghaidh trédhearcachta, ar a uain, teastaíonn reachtaíocht Eorpach agus comhoibriú struchtúrtha, bunaithe ar an reachtaíocht seo, idir na comhlachtaí atá freagrach as staidreamh ag leibhéal náisiúnta agus Eorpach.

Is léir ó seantaithí nach bhfuil na sonraí staidrimh a thagann ó chomhaontú neamhfhoirmiúil gan creatlach chomhaontaithe, soiléir, agus faoi mhaoirseacht in ann staidreamh den cháilíocht mar is gá don todhchaí a chur le chéile.

Éireoidh níos fearr le gníomhaíocht Comhphobail cuspóirí an togra a bhaint amach de bharr na gcúiseanna seo a leanas:

Tá gá le reachtaíocht beartaithe an AE chun cáilíocht agus comparáideacht ach go háirithe a ráthú. Déanann an Rialachán comhriachtanais a shainaithint chun é seo a ráthú, chomh maith le trédhearcacht faoin modheolaíocht agus an teicneolaíocht a úsáidtear sna Ballstáit:

- Tá ar na Ballstáit cáilíocht na sonraí agus na meiteashonraí seolta a ráthú, agus tá orthu cinntiú go gcomhlíonann na foinsí sonraí agus an mhodheolaíocht a úsáidtear, chomh hiomlán agus is féidir, tréithe riachtanacha daonáirimh agus áirimh tithíochta, áireamh pearsanta, comhuaineacht, uilíocht laistigh de chríoch sainithe, teacht ar shonraí limistéir-bhig agus peiriadacht sainithe ach go háirithe.

- Tá ar na Ballstáit tuarascáil a thabhairt ar na foinsí sonraí a úsáideadh chun na hoibleagáidí a chomhlíonadh, léiriú a thabhairt ar an fháth ar roghnaíodh na foinsí seo agus conas a chuireann an fhoinse sonraí a úsáideadh, isteach ar na torthaí a chuireann siad i láthair. Tabharfaidh siad tuarascáil ar cé chomh fada is a chomhlíonann na foinsí sonraí roghnaithe agus an mhodheolaíocht gnéithe riachtanacha na ndaonáireamh agus na n-áireamh tithíochta.

- Le haghaidh gach tír, is ionann na príomhábhair le clúdach.

- Le haghaidh gach tír, ba chóir go mbeidh an dáta dá dtagraíonn sonraí sa bhliain féilire chéanna.

- Tarchuirfear na sonraí laistigh de 24 mí i ndiaidh deireadh na bliana tagartha, sa bhformáid theicniúil atá á lorg ag an gCoimisiún (Eurostat).

- Cuirfear san áireamh sa daonra na daoine go léir a bhíonn ina gcónaí sa tír de ghnáth. Sainítear an coincheap seo sa Rialachán.

- Sainítear na coincheapa "náisiúnta" agus "réigiúnach" sa Rialachán.

- Ní dhéanann an Rialachán ach comhriachtanais a leagadh amach. Ligtear do na Ballstáit iad féin na riachtanais seo a chomhlíonadh sa tslí is fearr leo ina dtír féin.

## 4) IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní chuirfidh an togra seo isteach ar bhuiséad an Chomhphobail.

## 5) FAISNÉIS BHREISE

- **Simpliú**

Forálann an togra do shimpliú nósanna imeachta riaracháin d'údaráis phoiblí (AE nó náisiúnta).

Aithníodh na comhriachtanais a leagadh amach sa dréachtrialachán mar réitigh indéanta agus chun treoshuíomh soiléir a sholáthar do chomhlachtaí náisiúnta a bhíonn ag stiúradh an daonáirimh. Simplítear na nósanna imeachta riaracháin laistigh de na hOifigí Staidrimh toisc nach n-úsáidtear comhchuibhiú ex-post ar aschur staidrimh a bhaineann le sainmhínithe agus le coincheapa.

- **Limistéar Eacnamaíoch Eorpach**

Baineann an t-acht beartaithe le hábhar LEE agus dá bhrí sin, ba chóir dó an Limistéar Eacnamaíoch Eorpach a chlúdach.

## 6) AN TSLÍ ATÁ ROMHAINN

Níl sé éasca mion-slí a leagadh amach chun glacadh leis an Rialachán agus a bhearta feidhmiúcháin faoi láthair, toisc go mbeidh gníomhaíochtaí as seo amach ag brath ar thorthaí na gcaibidlí leanúnacha laistigh den Choimisiún Eorpach, sa Chomhairle agus i bParlaimint na hEorpa agus ar cé chomh tapa a ghlacfar leis an Rialachán go hoifigiúil. Seo thíos sceideal trialach áfach (féadfaí é seo a athrú de réir an dáta a thagann an Rialachán i bhfeidhm):

**Dara cuid de 2006**

Rinneadh an dréachtrialachán a phlé mar chuid de Chomhairliúchán Idirsheirbhíse laistigh den Choimisiún Eorpach. Déantar togra reachtaíochta oifigiúil an Choimisiúin Eorpaigh a aistriú go gach teanga oifigiúil an AE.

**Céad chuid de 2007**

Cuirfear an dréacht-togra i láthair chuig an gCoimisiún mar choláiste chun glacadh leis go hoifigiúil. Cuirfear togra reachtaíochta oifigiúil an Choimisiún Eorpach i láthair chuig Comhairle an AE don chéad léamh.

**Dara cuid de 2006 / 2007: an bhliain iomlán**

Cruinnithe tascfhórsa ar na saincheisteanna teicniúla a bhaineann leis an Rialachán. Sonraíochtaí a chuirfear le Moltaí Daonáirimh CCE NA/Eurostat. Ullmhú a dhéanamh ar rialachán fheidhmiúcháin ón gCoimisiúin.

2007/0032 (COD)

Togra do

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le daonáirimh agus áireamh tithíochta**

**(Téacs le hábharthacht EEA)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 285 (1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún[1],

Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste um Chlár Staidrimh (CCS) a bunaíodh de thoradh ar Chinneadh 89/382/CEE, Euratom[2] ón gCoimisiún,

Ag feidhmiú de réir an nós imeachta a leagadh amach in Airteagal 251 den Chonradh[3],

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Gur gá don Choimisiún sonraí atá iontaofa, mionsonraithe agus comparáideach go leor a bheith aige ar an daonra agus ar theaghlaigh, chun a chúraimí a chomhlíonadh, de réir Airteagail 2 agus 3 den Chonradh ach go háirithe. Is gá deimhin a dhéanamh de go bhfuil go leor comparáideachta ar fáil ag leibhéal Comhphobail maidir le modheolaíocht, sainmhínithe agus clár na sonraí staidrimh agus na meiteashonraí.

(2) Gur gá le sonraí staidrimh tréimhsiúla ar an daonra agus ar na príomhthréithe clainne, sóisialta, eacnamaíocha agus tithíochta daoine aonair chun staidéar a dhéanamh ar na beartais réigiúnacha agus shóisialta a chuireann isteach ar ghrúpaí áirithe sa chomhphobal, agus chun na beartais seo a shainiú.

(3) Chun a bheith in ann na sonraí a úsáid sa tslí is dea-aithní agus is féidir nuair a dhéantar comparáid idir na Ballstáit, is gá le sonraí dá leithéid tagairt a dhéanamh do bhliain áirithe atá fós le sainiú.

(4) De réir Rialacháin (CE) Uimh 322/97 ón cComhairle an 17 Feabhra 1997 maidir le Staidreamh Comhphobail[4] a úsáidtear mar chreatlach tagartha d'fhorálacha an Rialacháin seo, tá ar an mbailiúchán staidrimh na caighdeáin seo a leanas a

---

1 IO C , , lch. .
2 IO L 181, 28.6.1989, lch. 47.
3 IO C , , lch. .
4 IO L 52, 22.2.1997 lch. 1. Arna leasú ag Rialachán (CE) 1882/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 284, 31.10.2003, lch.1).

chomhlíonadh: neamhchlaontacht, iontaofacht, oibiachtúlacht, neamhspleáchas eolaíochta, éifeachtúlacht costais, agus rúndacht staidrimh.

(5) Agus staidreamh Comhphobail á tháirgeadh agus á dháileadh amach faoin Rialachán seo, ba chóir do na húdaráis staidrimh náisiúnta agus Comhphobail na prionsabail a chur san áireamh mar atá leagtha amach i gCód Cleachtais de Staidreamh Eorpach glactha leis ag an gCoiste Cláir Staidrimh ar 24 Feabhra 2005 agus curtha le Moladh an Choimisiúin ar neamhspleáchas, ar ionracas agus ar fhreagracht údarás staidrimh náisiúnta agus an Chomhphobail.[5]

(6) Cé nach bhfuil na Ballstáit in ann cuspóirí an ghnímh a chuirfear i bhfeidhm go leordhóthanach, is é sin staidreamh comparáideacha agus uileghabhálacha a bhailiú agus a chur le chéile ar an daonra agus ar thithíocht, a bhaint amach ina iomláine, toisc easpa comhghnéithe staidrimh agus riachtanais cháilíochta agus easpa trédhearcachta modheolaíochta, agus gur féidir na cuspóirí seo a bhaint amach i slí níos fearr ag leibhéal Comhphobail, de bharr comhchreatlaí staidrimh, féadfaidh an Comhphobal glacadh le bearta, de réir prionsabail na coimhdeachta mar atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh. De réir prionsabail na comhréireachta, mar atá leagtha amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo maidir le daonáireamh agus áireamh tithíochta thar mar is gá chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

(7) Ba chóir glacadh leis na bearta atá riachtanach chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm de réir Cinnidh 1999/468/CE ón gComhaire an 28 Meitheamh 1999 ag leaga síos na rialacha mionsonraithe maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún.[6]

(8) Ba chóir cumhacht a bhronnadh ar an gCoimisiún ach go háirithe chun na coinníollacha a bhunú chun sainmhínithe a oiriúnú, chun blianta tagartha breise a bhunú agus clár na sonraí staidrimh agus na meiteashonraí a ghlacadh. Cé gur bearta ginearálta iad seo agus cé gur ceapadh iad chun eilimintí neamhriachtanacha an Rialacháin seo a leasú, ba chóir glacadh leo de réir an nós imeachta rialaitheach le scrúdán, dá bhforáiltear in Airteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ábhar**

Bunaítear sa Rialachán seo na comhrialacháin a n-úsáidtear chun sonraí uileghabhálacha a sholáthar ar an daonra agus ar thithíocht gach deichiú bliain.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

---

[5] COM (2005) 217 final.

[6] IO L 184, 17.7.1999, lch. 23. Cinneadh arna leasú ag Cinneadh 2006/512/CE (IO L 200, 22.7.2006, lch. 11).

1. Glacfar leis na sainmhínithe seo a leanas le haghaidh an Rialacháin seo:

(a) ciallaíonn "daonra" an daonra náisiúnta agus réigiúnach atá ag a ghnátháit chónaithe ar an dáta tagartha a ndéantar tagairt dó in Airteagal 5(2);

(b) ciallaíonn "tithíocht" aonaid tithíochta agus foirgnimh chomh maith leis an ngaol idir an daonra agus a áit chónaithe ag na leibhéil náisiúnta agus réigiúnacha ar an dáta tagartha. Ciallaíonn "foirgnimh" na foirgnimh le haonaid tithíochta iarbhír nó ionchasacha;

(c) ciallaíonn "gnátháit chónaithe" an áit in a gcaitheann duine tréimse faoi shuaimhneas go laethúil, ach amháin nuair a bhítear as láthair go sealadach de bharr cúiseanna chaitheamh aimsire, saoire, chun cuairt a thabhairt ar chairde agus ar ghaolta, gnó, cóir leighis nó oilithreacht reiligiúnach; nó, mura bhfuil sí ar fáil, an áit chónaithe dlíthiúil nó chláraithe;

(d) ciallaíonn an "dáta tagartha" an dáta a ndéantar tagairt dó i sonraí an Bhallstáit iomchuí, de réir Airteagail 5(2) den Rialachán seo;

(e) ciallaíonn "náisiúnta" a bheith ar chríoch na mBallstát;

(f) ciallaíonn "réigiúnach" a bheith ag leibhéal NUTS 1, leibhéal NUTS 2 agus leibhéal NUTS 3, mar a shainítear i rangú aonad críochach ar mhaithe le staidreamh (NUTS), a bunaíodh faoi Rialachán (CE) Uimh 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] ina leagan bailíoch ar an dáta tagartha, chomh maith le leibhéal 2 na nAonad Riaracháin Áitiúla (LAU leibhéil 2);

(g) ciallaíonn "gnéithe riachtanacha daonáirimh agus áirimh tithíochta" áireamh pearsanta, comhuaineacht, uilíocht laistigh de chríoch sainithe, teacht ar shonraí limistéir bhig agus peiriadacht sainithe;

(h) ciallaíonn "micreashonraí a bheith i ndíth ainm" taifid staidrimh indibhidiúla a athraíodh chun an riosca atá ann aithne a chur ar na haonaid staidrimh a mbaineann siad leo a laghdú, de réir an dea-chleachtais atá ann faoi láthair.

2. Más gá, féadfaidh an Coimisiún na sainmhínithe a dhéantar tagairt dóibh in alt 1 a athrú, de réir an nós imeachta a ndéantar tagairt dó in Airteagal 7(3).

*Airteagal 3*

**Sonraí a chur isteach**

Cuirfidh na Ballstáit isteach chuig an gCoimisiún (Eurostat) sonraí ar an daonra agus ar thithíocht a chlúdaíonn tréithe cinntithe déimeagrafacha, sóisialta, eacnamaíocha agus tithíochta daoine aonair, clann, teaghlach, aonad tithíochta agus foirgneamh ag leibhéil náisiúnta agus réigiúnacha mar atá leagtha amach san Iarscríbhinn.

---

7 IO L 154, 21.6.2003, lch. 1.

*Airteagal 4*

**Foinsí agus cáilíocht sonraí**

1. Is féidir leis na Ballstáit na staidreamh a bhunú ar fhoinsí sonraí difriúla, agus ar na foinsí seo a leanas ach go háirithe:

(a) daonáireamh traidisiúnta;

(b) daonáireamh buntabhall;

(c) comhcheangal de dhaonáireamh traidisiúnta agus samplashuirbhé;

(d) comhcheangal de dhaonáireamh buntabhall agus samplashuirbhé;

(e) comhcheangal de dhaonáireamh buntabhall agus daonáireamh traidisiúnta;

(f) suirbhé iomchuí le samplaí rothlach (daonáireamh rollach).

2. Déanfaidh na Ballstáit deimhin de go gcomhlíonann na foinsí sonraí agus an mhodheolaíocht a úsáidtear chun riachtanais an Rialacháin seo a chomhlíonadh, chomh hiomlán agus is féidir, tréithe riachtanacha na ndaonáiremh agus na n-áireamh tithíochta mar a shainítear in Airteagal 2(1).

3. Glacfaidh na Ballstáit leis na bearta go léir mar is gá chun cáilíocht na sonraí agus na meiteashonraí a tharchuirfear, a ráthú. Soláthróidh an Coimisiún (Eurostat), i gcomhoibriú le húdaráis inniúla na mBallstát agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, moltaí agus riachtanais mhodheolaíocha ceaptha chun cáilíocht na sonraí agus na meiteashonraí a tháirgítear, a ráthú, Moltaí Chomhdháil Staitisteoirí Eorpacha don Daonáireamh agus don Áireamh Tithíochta ach go háirithe.

4. Tabharfaidh na Ballstáit tuairisc don Choimisiún (Eurostat) ar na foinsí sonraí a úsáideadh, ar an fháth ar roghnaíodh na foinsí seo agus conas a chuireann na foinsí sonraí a roghnaíodh isteach ar cháilíocht na staitisticí (tuarascáil cháilíochta). Sa chomhthéacs seo, tabharfaidh siad tuarascáil ar éifeachtacht na bhfoinsí sonraí agus na mhodheolaíochta a roghnaíodh maidir le gnéithe riachtanacha na ndaonáireamh agus na n-áireamh tithíochta a chomhlíonadh mar a shainítear in Airteagal 2(1).

5. Cuirfidh na Ballstáit in iúl gan mhoill don Choimisiún (Eurostat) má dhéantar leasuithe nó ceartúcháin ar an staidreamh a sholáthraítear faoin Rialachán seo, nó má athraítear na modhanna nó na foinsí sonraí a úsáidtear.

6. Déanfaidh an Coimisiún ábhar na tuarascála cáilíochta a shainiú chomh maith leis na critéir cháilíochta a n-úsáidtear chun na sonraí a tháirgeadh agus a dháileadh amach de réir an nós imeachta a ndéantar tagairt dó in Airteagal 7(3).

*Airteagal 5*

**Tarchur sonraí**

1. Soláthróidh na Ballstáit sonraí agus meiteashonraí bailíochtaithe don Choimisiún (Eurostat) mar a shonraítear sa Rialachán seo, ag tús gach deich mbliana go príomha.

2. Socróidh gach Ballstát dáta áirithe a úsáidtear dá shonraí (dáta tagartha). Caithfidh an dáta seo a bheith i mbliain áirithe a shonraítear bunaithe ar an Rialachán seo (dáta tagartha). Ba í an bhliain 2011 an chéad bhliain tagartha. Déanfaidh an Coimisiún blianta tagartha ina dhiaidh sin a bhunú de réir an nós imeachta a ndéantar tagairt dó in Airteagal 7(3).

3. Soláthrófar na sonraí laistigh de 24 mí tar éis dheireadh na bliana tagartha.

4. Glacfaidh an Coimisiún le clár sonraí agus le meiteashonraí staidrimh le tarchur, chun na riachtanais bhailiúcháin sonraí a chomhlíonadh, de réir an nós imeachta a ndéantar tagairt dó in Airteagal 7(3). Ní fhéadfaí níos mó ábhar a chur san áireamh sa Rialachán seo do leibhéal geografach sainiúil ná na hábhair atá liostaithe san Iarscríbhinn don leibhéal geografach sin.

5. Féadfaí sampla de mhicreashonraí a bheith i ndíth ainm a chur san áireamh sa chlár sonraí staidrimh, i dteannta le sonraí comhiomlánaithe (i bhfoirm cláir tábla).

6. Tarchuirfidh na Ballstáit na sonraí agus na meiteashonraí bailíochtaithe chuig an Choimisiún (Eurostat) i bhfoirm leictreonach. Glacfaidh an Coimisiún leis an bhformáid theicniúil iomchuí a úsáidfear chun na sonraí riachtanacha a tharchur, de réir an nós imeachta a ndéantar tagairt dó in Airteagal 7(2).

7. I gcásanna leasuithe nó ceartúchán de réir Airteagail 4(5) den Rialachán seo, tarchuirfidh na Ballstáit na sonraí athraithe chuig an gCoimisiún (Eurostat) gan mhoill.

*Airteagal 6*

**Bearta feidhmiúcháin**

1. Glacfar leis na bearta seo a leanas gur gá leo chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm de réir an nós imeachta a ndéantar tagairt dó in Airteagal 7(2):

(a) an fhormáid theicniúil iomchuí a ghlacadh mar a fhoráiltear di in Airteagal 5(6).

2. Glacfar leis na bearta seo a leanas gur gá leo chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm de réir an nós imeachta a ndéantar tagairt dó in Airteagal 7(3):

(a) na sainmhínithe a ghlacadh mar a soláthraíodh dóibh in Airteagal 2(2);

(b) an sainmhíniú ar inneachar na tuarascála cáilíochta mar a fhoráiltear dó in Airteagal 4(6);

(c) an sainmhíniú ar na critéir cháilíochta mar a fhoráiltear dó in Airteagal 4(6);

(d) na blianta tagartha mar a fhoráiltear dóibh in Airteagal 5(2);

(e) clár na sonraí staidrimh agus na meiteashonraí a ghlacadh, mar a fhoráiltear dó in Airteagal 5(4).

3. Tabharfar comaoin don phrionsabal gur gá le sochair níos tábhachtaí a bheith bainteach le nuashonrú a dhéanamh ná na costais a bhaineann leis an bpróiseas, agus don phrionsabal nach dtéann costais agus ualach breise thar teorainn réasúnta.

*Airteagal 7*

**Coiste**

1. Gheobhaidh an Coiste cabhair ón gCoiste Cláir Staidrimh, a bunaíodh de réir Cinnidh 89/382/CEE, Euratom.

2. Nuair a dhéantar tagairt don alt seo, beidh feidhm ag Airteagail 5 agus 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagail 8 de. Leagfar amach tréimhse ama de thrí mhí in Airteagal 5(6) de Chinneadh 1999/468/CE.

3. Nuair a dhéantar tagairt don alt seo, beidh feidhm ag Airteagal 5a (1), (2), (3 agus (4) agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE ón gComhairle, ag féachaint d'fhorálacha Airteagail 8 de.

4. Glacfaidh an Coiste lena rialacha nós imeachta.

*Airteagal 8*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an bhfichiú lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar cheann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*
...

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
...

IARSCRÍBHINN

# Ábhair a chuirfear san áireamh sa Daonáireamh agus san Áireamh Tithíochta

## 1 Ábhair dhaonra

### 1.1 Ábhair dhualgais do na leibhéil gheografacha: NUTS 3, LAU 2

#### 1.1.1 Ábhair neamhdhíorthaithe

- Gnátháit chónaithe
- Gnéas
- Aois
- Stádas pósta dlíthiúil
- Tír/áit bhreithe
- Tír shaoránachta
- Sean-ghnátháit chónaithe agus an dáta a sroicheadh an áit chónaithe reatha *nó* Gnátháit chónaithe bliain roimh an daonáireamh
- Gaolta idir baill teaghlaigh

#### 1.1.2 Ábhair dhíorthaithe

- Daonra iomlán
- Ceantar
- Stádas teaghlaigh
- Stádas clainne
- Saghas núicléis clainne
- Toise núicléis clainne
- Saghas teaghlaigh phríobháidigh
- Toise an teaghlaigh phríobháidigh

### 1.2 Ábhair dhualgais do na leibhéil gheografacha: Leibhéal náisiúnta, NUTS 1, NUTS 2

#### 1.2.1 Ábhair neamhdhíorthaithe

- Gnátháit chónaithe
- Suíomh áit oibre
- Gnéas
- Aois

- Stádas pósta dlíthiúil

- Stádas gníomhaíochta reatha

- Gairm bheatha

- Tionscal (brainse gníomhaíochta eacnamaíochta)

- Stádas fostaíochta

- Gnóthachtáil oideachais

- Tír/áit bhreithe

- Tír shaoránachta

- Ar chónaigh an freagraí ríomh thar lear agus an bhliain a sroicheadh an tír

- Sean-gnátháit chónaithe agus an dáta a sroicheadh an áit chónaithe reatha *nó* Gnátháit chónaithe bliain roimh an daonáireamh

- Gaolta idir baill teaghlaigh

- Stádas tionachta na dteaghlach

### 1.2.2 Ábhair dhíorthaithe

- Daonra iomlán

- Ceantar

- Stádas teaghlaigh

- Stádas clainne

- Saghas núicléis clainne

- Toise núicléis clainne

- Saghas teaghlaigh phríobháidigh

- Toise teaghlaigh phríobháidigh

## 1.3 Ábhair mholta do na leibhéil gheografacha:

**Leibhéal náisiúnta, NUTS 1, NUTS 2, NUTS 3, LAU 2**

**1.3.1** Moltar do na Ballstáit tuarascáil a thabhairt ar na hábhair go léir atá riachtanach do leibhéal réigiúnach NUTS 2 agus do na leibhéil réigiúnacha níos doimhne freisin, síos go dtí an leibhéal réigiúnach is doimhne atá ar fáil.

### 1.3.2 Ábhair neamh-dhíorthaithe

- Suíomh scoile, coláiste nó ollscoile

- Cóir iompair chuig áit oibre

- Cóir iompair chuig scoil, chuig coláiste nó chuig ollscoil

- Fad turas oibre agus an méid ama a thógann sé

- Fad turas scoile, coláiste nó ollscoile agus an méid ama a thógann sé

- Stádas pósta de facto
- Líon iomlán leanaí a rugadh beo
- Dáta(í) an phósta dhlíthiúil/na póstaí dlíthiúla do gach bean phósta: (i) céad phósadh agus (ii) pósadh reatha
- Dáta(í) a thosaigh na mná a bhí in aontas comhthoilíoch cheana ag cónaí le duine eile mar lánúin comhthoilíoch: (i) céad aontas comhthoilíoch agus (ii) aontas comhthoilíoch reatha
- Gnáthstádas gníomhaíochta
- Soláthraithe seirbhísí neamhíoctha, oibrithe deonacha
- Saghas earnála (aonad institiúideach)
- Fostaíocht neamhfhoirmiúil
- Saghas áit oibre
- Gnáthuaireanta oibre
- Tearcfhostaíocht a bhaineann leis an am
- Méid ama gan fostaíocht
- Líon daoine ag obair in aonad áitiúil an fhorais
- Príomhfhoinse beatha
- Ioncam
- Cáilíochtaí oideachais
- Réimse staidéir
- Freastal scoile
- Litearthacht
- Litearthacht ar ríomhairí
- Sean gnáththír chónaithe
- Méid ama iomlán a caitheadh ina cónaí sa tír
- Gnátháit chónaithe cúig bliaina roimh an daonáireamh
- Fáth na himirce
- Tír bhreithe tuismitheoirí
- Glacadh saoránachta
- Eitneachas
- Teanga
- Reiligiún
- Stádas míchumais
- Seilbh aonair nó comhsheilbh
- Cíos
- Buanearraí tomhaltais atá ag an teaghlach
- Líon carranna atá ar fáil sa teaghlach

- Rochtain ar pháirceáil
- Nasc teileafóin agus idirlín
- Táirgeacht talmhaíochta féinchuntais (leibhéal an teaghlaigh)
- Tréithe na bpost talmhaíochta go léir i rith na bliana seo caite (leibhéal pearsanta)

### 1.3.3 Ábhair dhíorthaithe

- Limistéir uirbeacha agus tuaithe
- Grúpaí socheacnamaíocha
- Daoine le cúlra eachtrach/náisiúnta
- Grúpaí daonra a bhaineann le himirce idirnáisiúnta
- Daonra le cúlra dídeanaí
- Daoine a Díláithríodh go hInmheánach
- Páirtíochtaí den ghnéas céanna
- Stádas clainne forleathnaithe
- Saghas clainne athbhunaithe
- Saghas clainne forleathnaithe
- Comhshuíomh na nglún i dteaghlaigh phríobháideacha

## 2 Athróga tithíochta

### 2.1 Ábhair dhualgais do na leibhéil gheografacha: NUTS 3, LAU 2

### 2.1.1 Ábhair neamhdhíorthaithe

- Saghas ceantar maireachtála
- Suíomh na gceantar maireachtála
- Stádas seilbhe na dteaghaisí traidisiúnta
- Líon daoine ina gcónaí ann
- Spás urláir úsáideach agus/nó Méid seomraí sna haonaid tithíochta
- Teaghaisí de réir saghas foirgnimh
- Teaghaisí de réir tréimhse tógála

### 2.1.2 Ábhair dhíorthaithe

- Caighdeán dlúis

### 2.2 Ábhair dhualgais do na leibhéil gheografacha: Leibhéal náisiúnta, NUTS 1, NUTS 2

### 2.2.1 Ábhair neamhdhíorthaithe

- Socruithe tithíochta
- Saghas ceantar maireachtála
- Suíomh na gceantar maireachtála
- Stádas seilbhe na dteaghaisí traidisiúnta
- Saghas seilbhe
- Líon daoine ina gcónaí ann
- Spás urláir úsáideach agus/nó Líon seomraí sna haonaid tithíochta
- Córas soláthair uisce
- Saoráidí leithris
- Saoráidí folctha
- Saghas téimh
- Teaghaisí de réir saghas foirgnimh
- Teaghaisí de réir tréimhse tógála

**2.2.2 Ábhair dhíorthaithe**

- Caighdeán dlúis

**2.3 Ábhair mholta do na leibhéil gheografacha:**

**Leibhéil náisiúnta, NUTS 1, NUTS 2, NUTS 3, LAU 2**

**2.3.1** Tugtar moladh do na Ballstáit tuarascáil a thabhairt ar na hábhair go léir atá riachtanach do leibhéal réigiúnach NUTS 2 agus do na leibhéil réigiúnacha níos doimhne freisin, síos go dtí an leibhéal réigiúnach is doimhne atá ar fáil.

**2.3.2 Ábhair neamhdhíorthaithe**

- Rochtain ar agus tréithe teaghaisí tánaisteacha, séasúracha agus teaghaisí gan áitiú
- Seilbh de réir líon teaghlach príobháideach
- Saghas seomraí
- Uisce te
- Téamh d'uisce sláintíochta
- Saghas córais diúscartha camrais
- Cistin
- Saoráidí cócaireachta
- Foinsí fuinnimh a n-úsáidtear mar théamh
- Insliú teirmeach sa teaghais
- Rochtain ar leictreachas
- Táirgeacht leictreachais

- Gás píopaithe
- Aerchóiriú
- Aeráil
- Suíomh na teaghaise sa bhfoirgneamh
- Rochtain ar an teaghais
- Ardaitheoir
- Teaghaisí de réir líon urlár sa bhfoirgneamh
- Teaghaisí de réir na n-ábhar a úsáideadh chun páirteanna sonraithe den fhoirgneamh ina bhfuil teaghais a thógáil
- Teaghaisí de réir deisriocht na bhfoirgneamh
- Dramhaíl á dheighilt sa teaghlach